Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

LEABHRÁN AN MHÚINTEORA

Cúnamh Éireann — Clár Oifigiúil Chúnamh Coigríche na hÉireann

AG ATHRÚ ÁR nDOMHAIN

GRADAM CHÚNAMH ÉIREANN ÁR nDOMHAN 2018

CÚNAMH ÉIREANN

Is é Cúnamh Éireann clár oifigiúil cúnamh coigríche forbartha na hÉireann, arna bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Oibríonn Cúnamh Éireann i bpáirt le rialtais, eagrais chúnaimh agus leis na Náisiúin Aontaithe i mbreis agus 80 tír.

Soláthraíonn Cúnamh Éireann:

- **Cúnamh Éigeandála Daonnúil** do phobail a bhíonn faoi thionchar cogaidh, athrú aeráide agus teagmhais dhiana aimsire
- **Cúnamh forbartha** – cúnamh le haghaidh feabhsuithe fadtéarmacha do phobail i gcuid de na tíortha is boichte ar domhan

Oibríonn Cúnamh Éireann in 8 dtír pháirtíochta san Afraic agus san Áise chun dul i ngleic le hocras, bochtaineacht, athrú aeráide agus neamhionannas agus chun tacú le cearta an duine. Ta clár Chúnamh Éireann rangaithe i measc na gclár is fearr ar domhan.

Our World
IRISH AID AWARDS

AIDHM GHRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN ÁR nDOMHAN

Chuir Cúnamh Éireann na Gradaim ar bun in 2005 chun:

- Tuiscint daltaí a mhéadú ar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe agus ar obair Chúnamh Éireann
- Cuidiú le daltaí na naisc idir a saol féin agus saol leanaí i dtíortha i mbéal forbartha a fhiosrú

SPRIOCANNA DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

In 2015, d'aontaigh na Náisiúin Aontaithe 17 Sprioc Dhomhanda chun dul i ngleic leis na fadhbanna is tromchúisí atá ag an domhan, amhail bochtaineacht, éagóir, agus damáiste don timpeallacht. Is é aidhm na spriocanna seo, a thógann ar ghnóthachtáil na Spriocanna Forbartha Mílaoise NA a bhí ann cheana, saol níos fearr a chruthú do gach duine anois agus feasta.

Le tamall de blianta, is é an toradh a bhí ar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe a lán feabhsúchán do dhaonra an domhain, mar shampla:

- **2.6 billiún** duine a bhfuil fáil acu ar fhoinse níos fearr uisce
- An líon leanaí nach bhfuil ar scoil **laghdaithe faoina leath, beagnach**
- An líon daoine atá thar a bheith bocht **laghdaithe faoina leath**
- An líon leanaí faoi bhonn 5 bliana a fhaigheann bás gach bliain mar gheall ar ocras agus galair **laghdaithe faoina leath**

Ach fós féin, inár ndomhan ina bhfuil 7.5 billiún duine, tá:

- Thart ar **1 billiún duine** nach bhfuil leictreachas acu
- **795 milliún duine** ar domhan a bhfuil ocras ainsealach orthu
- **300 milliún tona** plaistigh á dhéanamh, **gan ach 15% de á athchúrsáil** agus 46,000 píosa de ar snámh in aghaidh gach míle cearnach san fharraige
- Thart ar **114 milliún duine óg** nach bhfuil bunscileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu

***Foinsí:** Tuarascáil ar Fhorbairt Dhaonna, 2016; Tuarascáil ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2017

193 tír, Éire san áireamh, a thug gealltanas go gcomhoibreoidh siad chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda seo agus na Spriocanna Domhanda a bhaint amach faoin mbliain 2030

TÉAMA GHRADAIM 2018: 'AG ATHRÚ ÁR nDOMHAIN'

Baineanna téama na bliana seo lena lán de na spriocanna domhanda agus ábharthacht ar leith le cumhacht chlaochlaitheach an oideachais.

Trí pháirt a ghlacadh sna gradaim, fiosróidh daltaí na naisc idir a saol féin agus saol daoine i dtíortha i mbéal forbartha agus foghlaimeoidh siad mar atá tíortha, idir bhocht agus shaibhir, ag comhoibriú chun domhan agus todhchaí níos fearr a chruthú trí na Spriocanna Domhanda. Cuideoidh na Gradaim freisin le daltaí smaoineamh ar cad is féidir leo a dhéanamh, mar pháistí na hÉireann, do dhaoine agus don phláinéad.

CÉ A GHLACANN PÁIRT?

Féadann péirí, grúpa, rang nó iomlán scoile tionscadal a dhéanamh.

Poblacht na hÉireann:
3ú, 4ú, 5ú agus 6ú rang

Tuaisceart Éireann:
Rang 5, Rang 6 agus Rang 7

Scoileanna Speisialta:
Daltaí idir 7-18 mbliana

NAISC CHURACLAIM

Trí pháirt a ghlacadh beidh deiseanna foghlama ag daltaí a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcuraclam bunscoile, lena n-áirítear:

Poblacht na hÉireann:

- Teanga
- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
- Oideachas Sóisialta, Timpeallachta agus Eolaíochta
- Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil
- Litearthacht agus Uimhearthacht

Tuaisceart Éireann:

- Teanga agus Litearthacht
- Matamaitic agus Uimhearthacht
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint
- Na hEalaíona
- An Domhan Thart Orainn
- Oideachas Reiligiúnach

SPRIOCDHÁTA IONTRÁIL TIONSCADAL:
23ú MÁRTA 2018

GLAC PÁIRT IN 5 CHÉIM ÉASCA

1. FIOSRAIGH

Ar shuíomh gréasáin na nGradam, **www.ourworldirishaidawards.ie** tá réimse d'ábhair úsáideacha, lena n-áirítear:

- PDFanna in-íoslódáilte d'iris na ndaltaí (Rannán acmhainní)
- Pleananna ceachta mionsonraithe nasctha leis an gcuraclam (Rannán múinteoirí), lena n-áirítear:
  - Bileoga oibre do dhaltaí
  - Bileoga acmhainní múinteora
- Smaointe dea-chleachtais (Rannán múinteoirí)

CUIMHNIGH: Líon an Dialann Iontrála (istigh leis an leabhrán seo) le do ghrúpa/rang agus tú ag dul chun cinn!

Is cuidiú iad na hábhair seo le gur féidir leatsa agus le do chuid daltaí smaoineamh agus labhairt faoi cheisteanna forbartha agus téama Ghradaim 2018 a fhiosrú.

2. ROGHNAIGH

I ndiaidh an iris agus na pleananna ceachta a úsáid chun cuidiú le daltaí an téama a thuiscint, roghnaigh topaic bhainteach do do thionscadal.

D'fhéadfadh tionscadail in aon mheán díriú ar aon ghné nó gach gné acu seo a leanas:

- Tábhacht na Spriocanna Domhanda chun saol leanaí i dtíortha i mbéal forbartha a fheabhsú (tá liosta de thíortha a rangaítear go hoifigiúil mar 'i mbéal forbartha' ag **www.ourworldirishaidawards.ie/faqs**)
- Eispéiris leanaí i dtír amháin nó níos mó de 8 dtír pháirtíochta Chúnamh Éireann
- An tábhacht atá le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar chun dul i ngleic leis an ocras, bochtaineacht, athrú aeráide agus an éagóir i dtíortha i mbéal forbartha

Cibé topaic a roghnófar, **is tábhachtach go bpléitear sa tionscadal téama 2018: 'Ag Athrú Ár nDomhain', agus fócas ar chomhthéacs an domhain i mbéal forbartha.**

3. CRUTHAIGH

Cruthaigh tionscadal a léiríonn freagairt do phéire/grúpa/ranga do théama na bliana seo. Is féidir tionscadal a chur i láthair i do rogha slí. Tá neart smaointe ar an suíomh gréasáin.

Cuimhnigh an Dialann Iontrála a chomhlánú agus a chur isteach le do thionscadal roimh an spriocdháta. Úsáidtear an dialann mar chuid den phróiseas moltóireachta agus, mar sin, is ríthábhachtach taifead a dhéanamh den obair ar fad a dhéanann tú féin agus do dhaltaí i rith ama.

4. DÉAN CUMARSÁID

Ba chóir do dhaltaí an méid atá foghlamtha acu a chur in iúl don chuid eile den scoil agus/nó don phobal i gcoitinne. D'fhéadfadh siad ceann amháin nó níos mó acu seo a leanas a dhéanamh:

- Labhairt le ranganna eile sa scoil
- Póstaeir, ealaín nó eolas a chur ar taispeáint sa scoil nó sa phobal
- Tionól nó taispeántas dá gcuid oibre
- A insint do dhaoine cad is féidir a dhéanamh chun deireadh a chur le bochtaineacht agus chun an comhshaol a chosaint
- Scannán nó taispeántas sleamhnán a chruthú agus a léiriú
- Scríobh chuig ionadaithe poiblí nó daoine atá i mbéal an phobail
- Alt nó r-phost a chur chuig nuachtán áitiúil nó chuig nuachtlitir phobail
- Seó raidió a thaifeadadh
- Blag a scríobh nó meáin shóisialta a úsáid chun an dul chun cinn a thaifeadadh agus chun feasacht a ardú

Cuimhnigh a chlárú sa Dialann Iontrála mar a rinne do dhaltaí cumarsáid le daoine eile.

5. IONTRÁIL

Déan cinnte go gcomhlánaíonn tú an fhoirm iontrála (lena n-áirítear an rannán Dialann Iontrála) agus seol í in éineacht le do thionscadal chuig:

Gradaim Ár nDomhain
Chúnamh Éireann
Real Nation
24 Cé Árann
Baile Átha Cliath 7, D07 W620

Nó is féidir an tionscadal a chur de r-phost chuig: **ourworld@realnation.ie**

Spriocdháta iontráil tionscadail:
23ú Márta 2018



Tá tuilleadh eolais faoi iontrálacha Gradaim a chur isteach agus faoi chritéir mholtóireachta ag:
www.ourworldirishaidawards.ie

I ngradaim Chúnamh Éireann 'Ag Athrú Ár nDomhain' iarrtar ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí smaoineamh ar spriocanna domhanda agus ábharthacht ar leith ag baint le cumhacht chlaochlaitheach an oideachais.

CIBÉ TIONSCADAL A DHÉANFAR, TÁ SÚIL AGAINN GO SMAOINEOIDH TÚ FÉIN AGUS NA DALTAÍ AR:

- **An t-idirspleáchas idir daoine agus an domhan nádúrtha**
- **Saol pháistí agus theaghlaigh an domhain i mbéal forbartha**
- **Mar atá Éire, trí Chúnamh Éireann, ag obair i dtreo na Spriocanna Domhanda**
- **Mar is féidir linn cur le baint amach na Spriocanna Domhanda chun tairbhe gach duine agus ár bpláinéid, anois agus feasta**

SPRIOCANNA DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

Tá tuilleadh eolais ar Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan agus ar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um fhorbairt inbhuanaithe ag:

www.ourworldirishaidawards.ie

B'fhéidir gur mhaith leat an póstaer Spriocanna Domhanda, atá leis an leabhrán seo a chur ar taispeáint ar bhalla do sheomra ranga.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade